



An Roinn Tithíochta,  
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta  
Department of Housing,  
Local Government and Heritage

# **Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna agus Plean Forfheidhmithe ina leith**

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

[gov.ie/tithiocht](http://gov.ie/tithiocht)

# Athbhreithniú Meántearma ar an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra agus Plean Forfheidhmithe ina leith

## Cúlra

Tá an méid seo a leanas mar fhíscráiteas sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra, 2015-2025: “*creatlach fhadtéarmach a sholáthar ónar féidir gach talamh móra laistigh den Stát a bhainistiú go freagrach d’fhonn a rannchur sóisialta, comhshaoil agus eacnamúil do leas na glúine seo agus na nglúnta amach romhainn a bharrfheabhsú*”. I dtéacs na straitéise, tá cur chuige trasrialtais leagtha amach chun saincheistanna a bhaineann le tailte móra a bhainistiú, na cinn seo ina measc: reachtaíocht comhaontuithe, pleananna agus beartais chomhshaoil iomchuí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chomhlíonadh; an t-athrú aeráide; an fhoraoiseacht; cáilíocht an uisce; rialú tuilte; fuinneamh; caomhnú agus athbhunú an dúlra; pleanáil úsáide talún; agus talmhaíocht. Táthar i ndiaidh an Straitéis a fhorbairt i gcomhar le Ranna Rialtais/comhlachtaí Stáit ábhartha chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara tríd an gComhairle Tailte Móra.

Tá 25 bunphrionsabal faoin Straitéis agus tá gealltanais ann go dtabharfar faoi 32 gníomh a bhaineann le meascán téamaí in earnálacha éagsúla lena n-áirítear, i measc nithe eile, Taighde, Turasóireacht, Talmhaíocht, Foraoiseacht, Caomhnú, Athbhunú, Baint Móra, Fuinneamh, Cáilíocht an Uisce agus an tAthrú Aeráide.

Foilsíodh tuarascálacha ar dhul chun cinn na Straitéise le haghaidh 2017 agus le haghaidh 2018/2019. Rinneadh an t-athbhreithniú seo i gcomhthéacs na dtuarascálacha sin.

## Comhthéacs tosaigh

Iarracht phraiticiúil a bhí i bprionsabail agus gníomhartha na chéad Straitéise plean a leagan amach go soiléir i gcás comhthéacs a bheadh ag athrú go tapa. An tuiscint a bhí ann ná go raibh forbairt ag teacht ar na cúinsí agus gur ghá na cuspóirí agus na gníomhartha a leasú ionas go mbeifí ag teacht leo: beartaíodh ó thús gur cáipéis bheo a bheadh inti. Is mar sin a cuireadh isteach córas an athbhreithnithe meántearma.

Níl sé mar aidhm ag an athbhreithniú meántearma seo, mar sin, dul siar ar an méid a pléadh sna tuarascálacha ar dhul chun cinn. Ina ionad sin, tá sé i gceist measúnú níos leithne a dhéanamh ar cá sheasann an Straitéis faoi láthair, ar na nithe is féidir a bhaint amach tríthi as seo go ceann trí bliana, agus, más gá, athruithe a mholadh maidir le gníomhartha sa Straitéis le go mbeadh sí ag teacht lena mórchuspóirí féin agus leis an gcomhthéacs faoi láthair.

Éacht nach beag a bhaineann leis an Straitéis is ea go bhfuiltear tar éis béim agus aird a dhíriú ar bhonn comheagraithe ar shaincheistanna a bhaineann le tailte móra chomh maith leis an gcomhoibriú dá bharr sin idir Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí Stáit.

I gcás gach gnímh sa Straitéis, tá comhlacht ceannais ainmnithe lena chur i bhfeidhm. Luaitear comhlachtaí eile i mórchuid na gcásanna. Mar chuid de gníomhartha na Straitéise a chur i bhfeidhm, tá tús curtha le roinnt tionscadail agus tionscnaimh mhóra nó táthar i ndiaidh leanúint ar aghaidh leo.

Chuirfeadh an méid sin in iúl gurbh éifeachtach an cur chuige go dtí seo é cuspóirí nithiúla a shocrú go soiléir agus obair ina dtreo a bhaint amach. Mar sin féin, is mall an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le cuid de na gníomhartha a chur i bhfeidhm.

### **An bhfuil aon athruithe tagtha chun cinn ó foilsíodh an Straitéis?**

Tá méid áirithe beartais, cláir agus pleananna suntasacha atá ábhartha tar éis teacht chun cinn ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna in 2015, lena n-áirítear:

- An Plean Náisiúnta maidir le Limistéir Speisialta Caomhantais Portaigh Ardaithe 2017-2022;
- Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019;
- Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 agus Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí;
- An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021;
- An Plean Náisiúnta don Aeráid um Maolú;
- Comhaontú Glas don Eoraip;
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021;
- Plean Gníomhaíochta Bhord na Móna um Bithéagsúlacht;
- Plean Oiriúnaithe na hEarnála don Bithéagsúlacht agus don Athrú Aeráide, 2019;
- Straitéis Bithéagsúlachta an AE do 2030;
- Dréachtphlean Críche don Aistriú Cóir;
- Plean Téarnaimh agus Athléimneachta an AE agus na hÉireann;
- Gnáthóga i bPortach Ardaithe Réitithe (Lámhleabhair faoin bhFiadhúlra in Éirinn 128);
- An Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016;
- Oidhreacht Éireann 2030;
- Cáilíocht an Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce - Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide (2019);
- Plean um Bainistiú Abhantracha, 2018-2021;
- Rialachán maidir le talamhúsáid, athrú sa talamhúsáid agus foraoiseacht (LULUCF) do 2021-2030;
- Na Rialacháin Foraoiseachta, 2017;
- Comhairliúchán Poiblí a bhí ann maidir le dréacht-treoirínte don Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe;
- Plean Náisiúnta Forfheidhmithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;
- Clár 2020 an Rialtais;
- An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha;
- Creat Gníomhaíochta Tosaíochta d'Éirinn, 2021-2027;
- Tionscadal Éireann 2040;
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Geilleagracha;
- Pleananna Forbartha Contae;
- Tuarascálacha Airteagal 17 (Stádas Ghnáthóga agus Speicis Faoi Chosaint an AE in Éirinn - 2019)
- Straitéis Bhord na Móna, Ó Dhonn go Glas;
- Athbhreithniú ar Úsáid Súsáin sa Ghairneoireacht – Tuarascáil Deiridh Chathaoirleach an Ghrúpa Oibre;
- Páipéar Oibre ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2022 chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an soláthar móna san Earnáil Gairneoireachta;

- Fís Straitéiseach Coillte don Fhoraoiseacht Nua, 2022;
- Scéim Bhreisithe Bhord na Móna um Dhíchoimisiúnú, Athshlánúchán agus Athchóiriú Tailte Móna. An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;
- An tionscadal comhtháite ‘Dúlra an Atlantaigh Fhiáin’ atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- An tionscadal ‘Talamh Móna agus Pobail’ atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- Tionól Saoránach ar an gcailliúint bithéagsúlachta a chur ar bun;
- Tionscadal ‘FarmPEAT’ na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;
- Athbhreithniú ar Úsáid Talún Náisiúnta;
- Clár Fháilte Éireann maidir le Croíthailte Ceilte na hÉireann.

In ainneoin nach bhfuil tús áite ag na téacsanna sin thar fheidhmeanna na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna, is gá cuspóirí na bpleananna agus na mbeartas eile sin a chur san áireamh agus cinntí a dhéanamh maidir le treo na Straitéise amach anseo, go háirithe i gcásanna ina mbeadh gnéithe iontu a bheadh ag teacht le spriocanna nó gníomhartha na Straitéise.

Ar bhonn níos leithne, tá athrú suntasach tagtha le seacht mbliana anuas ar na comhráite faoi úsáid tailte móna, cuspóirí comhshaoil agus bithéagsúlachta, gníomhú ar son na haeráide agus úsáid tráchtála móna agus is sa chomhthéacs sin a rinneadh athbhreithniú ar na prionsabail agus na gníomhartha atá i réim sa Straitéis.

Mar chuid den iarracht oileán níos inbhuanaithe a chur ar bun, de réir an Phlean Forbartha Náisiúnta, tá gá le hinfheistíocht chomhordaithe chun portaigh an réigiúin trasteorann a chaomhnú ar mhaithe le bithéagsúlacht a chothú, seirbhísí éiceachórais fiúntacha a sholáthar agus le go bhfeidhmeoidís mar linnte carbóin. Luaitear freisin go bhfuil sé ar cheann de na gníomhartha i gClár an Rialtais ‘plé a dhéanamh ar conas is féidir le comhlachtaí curtha ar bun faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta a dheimhniú go n-úsáidtear cur chuige comhtháite i leith ceisteanna comhshaoil ar bhonn uile-oileánda agus go bhféachtar le straitéis uile-oileánda a fhorbairt d’fhonn dul i ngleic le cliseadh aeráide agus leis an ngéarchéim bhithéagsúlachta’. Tacaíonn na gníomhartha leagtha amach sa tuarascáil seo leis na haidhmeanna sin.

Lena chois sin, le bheith dearfach faoi, tá roinnt gníomhartha ar leith a leagadh amach sa Straitéis curtha i gcrích. Dá bhrí sin, san athbhreithniú meántearma seo, rinneadh measúnú ar cén gníomhartha arbh fhéidir iad a dhúnadh, cén gníomhartha nach gá ach monatóireacht a dhéanamh orthu, agus cén gníomhartha a bhfuil meascán den dá rud de dhíth orthu.

### **Céard is féidir a bhaint amach sna ceithre bliana atá romhainn (2022 go 2025) den Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna?**

Sa dara leath den deich mbliana a mhairfidh an Straitéis, is gá an bhéim a athrú chun an oiread agus is féidir a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do Phrionsabail na Straitéise. Is gá an oiread dul chun cinn intomhaiste agus is féidir a dhéanamh leis an Straitéis a fhorfheidhmiú. D’fhéadfaí aon réimse nua a d’fhéadfadh teacht chun cinn a mheas i Straitéis amach anseo.

Agus aird á tabhairt air sin, tá nuashonrú déanta ar na gníomhartha sa Straitéis Náisiúnta um Thailte

Móna gur Plean Forfheidhmithe nua atá ann ina ndírítear ar ghníomhartha atá fós le réiteach a bheachtú agus ar thús áite a thabhairt do chuspóirí intomhaiste indéanta.

Cuirfidh an t-athbhreithniú seo ar an Straitéis le héifeachtacht na Straitéise chomh fada agus a bhaineann sé lena bunspríocanna a bhaint amach, comhordú agus cumarsáid a fheabhsú idir Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí Stáit ábhartha, chomh maith le gníomhartha a leagan amach a bhfuil tús áite á dtabhairt dóibh agus a dtabharfar fúthu sna ceithre bliana atá le teacht. Tá sé beartaithe gur cur chuige pragmatach praiticiúil a bheidh sa Phlean Forfheidhmithe chun díriú ar na nithe atá indéanta, ar na nithe ar chóir tús áite a thabhairt dóibh, agus ar na nithe ar féidir iad a thomhas agus a thuairisciú go héifeachtach sna tuarascálacha maidir le dul chun cinn na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna.

Tá cuid de na gníomhartha sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna bainte amach faoin am seo nó tá an oiread sin dul chun cinn déanta orthu gur gá monatóireacht a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú. Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna (a bhfuil ionadaithe ó na Ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit ábhartha ann) monatóireacht leanúnach ar na gníomhartha sin de réir mar is cuí.

## **Comhairliúchán Poiblí**

Bhí cáipéis athbhreithnithe meántearma Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna faoi réir tréimhse de chomhairliúchán poiblí a mhair dhá mhí agus a chríochnaigh ar an 30 Meitheamh 2021. Fuarthas trí aighneacht is daichead le linn an chomhairliúcháin agus is féidir teacht orthu ag <http://www.npws.ie>. Fuarthas na haighneachtaí ó réimse leathan páirtithe leasmhara in earnáil na dtailte móna, lena n-áirítear daoine aonair, grúpaí pobail, cumainn ghairmiúla, grúpaí thar ceann daoine óga, feirmeoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis áitiúla. Ó réigiún lár na tíre a tháinig an chuid is mó de na haighneachtaí aonair.

I mórchuid na n-aighneachtaí, cuireadh fáilte go ginearálta roimh an athbhreithniú meántearma agus measadh gur dea-chéim atá ann i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna. Ba léir sna haighneachtaí a fuarthas go bhfuil suim san athrú aeráide agus sa bhithéagsúlacht agus go bhfuil inní ann ina leith. Luadh i gcuid mhór díobh na hathruithe atá tagtha ar an mbeartas oifigiúil sa réimse seo ó 2015 i leith agus gur admhaigh an Rialtas in 2019 go bhfuil géarchéim aeráide ann. Leagadh béim arís agus arís ar luach na dtailte móna don cheapadh carbóin. I gcuid aighneachtaí léiríodh inní maidir le leitheadúlacht na bainte móna, cleachtas atá contrártha don dlí náisiúnta agus do dhlí an AE. Léiríodh inní freisin maidir le tionchar na reachtaíochta pleanála i dtaca le táirgeadh na móna lena húsáid sa ghairneoireacht agus maidir leis na bearnaí a mheastar a bheith sa reachtaíocht pleanála ina gceadaítear móin a bhaint ar láithreáin atá níos lú. D'iarr grúpaí éagsúla go gcuirfeadh isteach córas ionas go bhféadfar láithreáin a mholadh lena n-ainmniú. I gcuid de na haighneachtaí, luadh an fógra ó Bhord na Móna go gcuirfeadh deireadh le baint na móna ar a thailte féin. Díriodh chomh maith sna haighneachtaí sin ar an dearcadh nach bhfuil cur chuige i leith na pleanála ar leibhéal an tírdhreacha i gcás tailte móna in Éirinn.

Bhí inní faoi chúrsaí fostaíochta, geilleagracha, turasoíreachta, agus faoi thraidisiúin bhaint na móna go mór chun tosaigh sna haighneachtaí. I gcuid de na haighneachtaí, luadh an tábhacht a bhaineann le móinchearta traidisiúnta. Luadh freisin go bhféadfadh feirmeoirí agus lucht bainte móna teacht níos lú a bheith acu ar sholáthairtí breosla/fuinnimh nuair a dhéantar láithreáin a chosaint, agus go bhféadfadh

laghdú teacht ar luach talún.

Maidir leis na haighneachtaí a fuarthas, cuireadh san áireamh iad agus an t-athbhreithniú meántearma ar an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna agus an Plean Forfheidhmithe á dtabhairt chun críche.

### **Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 agus Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí**

Sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021, tugtar plean mionsonraithe chun gníomh cinntitheach a ghlacadh le laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chéile faoi 2030. Réitíonn sé an bealach d'Éirinn neodracht ó thaobh astaíochtaí de a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a gealladh i gClár an Rialtais agus mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021. Tacaíonn an Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí, gníomhartha a bhaineann le tailte móna san áireamh, lena bhfuil sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021, a chur i gcrích. Ó tharla tábhacht nach beag a bheith ag tailte móna i gcúrsaí gníomhaithe ar son na haeráide, agus, chun forléargas iomlán a thabhairt ar gach gníomh bainteach le tailte móna sa cháipéis seo, glacadh gníomhartha tailte móna ó Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide isteach i bPlean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna 2022-2025 seo. Tugtar faoi deara go bhfuil Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 á ullmhú faoi láthair. Fáiltítear roimh fhoilsiú an Phlean seo mar cháipéis thábhachtach eile i dtaobh bainistiú tailte móna a fhorbairt in Éirinn.

### **Nóta ar an tábla *Forfheidhmiú Gníomhartha Tosaíochta 2022-2025* a leagtar amach thíos.**

Baineann gníomhartha A – P leis na gníomhartha a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna. É sin ráite, rinneadh na gníomhartha seo a bheachtú chun beartais agus clár náisiúnta atá i mbun forbartha agus a bhaineann le tailte móna a thabhairt san áireamh.

Maidir le gníomhartha Q - GG sa tábla thíos, is gníomhartha tailte móna iad a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021, Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí.

Baineann Iarscríbhinn 2 le gníomhartha i gClár 2020 an Rialtais i leith tailte móna a dhírigh ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú a oiread agus is féidir.

**An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra – – Gníomhartha Tosaíochta a chur i bhfeidhm, 2022-2025**

<b>Gníomhartha sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra ar beachtaíodh iad chun beartais náisiúnta i mbun forbartha agus cláir a bhaineann le tailte móra a thabhairt san áireamh.</b>	<b>Uimhreacha Tagartha Gníomhartha Ábhartha<sup>1</sup></b>	<b>Comhlacht Ceannais</b>	<b>Amlíne lena Chur i gCrích</b>
A Cuirfidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faisnéis agus comhairle chuí ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara fad a bheidh an Cód Cleachtais um Loscadh Forordaithe á nuashonrú lena chinntiú go gcloífear leis an dea-chleachtas maidir le bainistíocht talún chuí a dhéanamh ar thailte móra.	4	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R4 2022
B Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Coillte leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena chinntiú go dtabharfar gealltanais sa doiciméad a thioctaidh i ndiaidh an Chláir Foraoiseachta, 2014-2020, go gcruthófar treoir agus critéir ann chun limistéir mhóra atá faoi fhoraois faoi láthair a shainiú agus a bhainistiú go cuí amach anseo, athchóiriú san áireamh, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar threoir maidir le hithir mhóra a fhoraoisiú amach anseo.	7	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R4 2022

<sup>1</sup> Tagraíonn na huimhreacha seo don ghníomh/na gníomhartha bunaidh sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra ónar tógadh na gníomhartha sa Phlean Forfheidhmithe seo.

C	Beidh ról straitéiseach ag Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn leanúnach agus tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh atá deartha chun cur le soláthar na seirbhísí éiceachórais a fhaightear as tailte móna atá ag feidhmiú go nádúrtha. Go háirithe i gcás tionscadail uile-oileánda agus trasteorann amhail tionscadail INTERREG CABB an AE (Comhoibriú trasna teorainneacha idir Éire agus an Ríocht Aontaithe ar mhaithe le Bithéagsúlacht, 2017 go 2022) agus CANN (Comhoibriú thar an Líonra Natura) agus tionscnaimh Oileán Comhroinnte dírithe ar thailte móna a dtabharfar fúthu anseo; tionscadail ábhartha taighde atá idir lámha ag Bord na Móna; tionscadail ábhartha taighde atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tionscadail taighde eile; bearta athchóirithe mar chuid den Phlean Bainistíochta Náisiúnta maidir le Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhfuil Portach Ardaithe orthu agus Scéim Bhreisithe Bhord na Móna um Dhíchoimisiúnú, Athshlánúchán agus Athchóiriú Tailte Móna (EDRRS); gníomhartha a dtugtar fúthu mar chuid den Tionscadal Comhtháite 'Dúlra an Atlantaigh Fhiáin' atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE; agus gníomhartha eile a dtugtar fúthu mar chuid de thionscadail ábhartha eile a chuirfí ar bun idir 2022 agus 2025.	8	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna	Ag dul ar aghaidh le linn 2022 -2025
D	I gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, leanfaidh Bord na Móna ar aghaidh le tástálacha ar shaothrú súisín sfagnaim, cuirfear tús le tástálacha ar theicnící riascshaothraithe eile agus tuairisceofar ar na torthaí. Déanfar breithniú féachaint an bhfoilseofar na torthaí, faoi réir íogaireacht tráchtála.	10	Bord na Móna	Ag dul ar aghaidh le linn 2022-2025 mar chuid de EDRRS
E	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil atá ag maoiniú agus maoirsiú an tionscadail 'Leochaileacht éiceachóras tailte portaigh i leith aeráid atá ag athrú agus méaduithe ar mhinicíocht agus déine triomach'.	14	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Tús curtha leis an tionscadal in R1 2021



F	Déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na gníomhartha agus na moltaí a chur i bhfeidhm a leanann ón treoirthionscadal caomhantais agus bainistíochta maidir le Limistéar eanaigh faoi Chaomhnú Speisialta. Foilseofar tuarascáil maidir leis an treoirthionscadal mar aon le hachóimre ar na príomhghnéithe den tionscadal atá le cur i bhfeidhm.	15	Oifig na nOibreacha Poiblí	Ag dul ar aghaidh le linn 2022-2025 (agus an tuarascáil faoin treoirthionscadal le foilsiú ag deireadh R4 na bliana 2022)
G	Leanfar ar aghaidh leis na straitéisí a chur i bhfeidhm atá sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhfuil Portach Ardaithe orthu, féachaint lena chinntiú nach ndéantar móin a bhaint as portaigh ardaithe faoi chosaint ach amháin ar bhealach nach gcuireann isteach ar shláine na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. (Tagann sé seo le Gníomh 21 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021 – Clár Athchóirithe Tailte Móra na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do ghnáthóg an phortaigh ardaithe laistigh de líonraí na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a chur i ngníomh)	16	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ag dul ar aghaidh le linn 2022 go ceann 2025
H	Déanfar breithniú ar straitéisí maidir le baint móna ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhfuil bratphortach iontu mar chuid den Tionscadal Comhtháite ‘Dúlra an Atlantaigh Fhiáin’ atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE.	16	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ag dul ar aghaidh le linn 2022-2025
I	Cuirfear i bhfeidhm na torthaí ón athbhreithniú ar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta na hÉireann a bhfuil bratphortach iontu, ag brath ar achtú agus tosach feidhme an Bhille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016.	17	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R1 2023

J	Déanfar measúnú ar chomh forleathan agus atá sleádóir Difco, nó an meaisín 'ispín', á úsáid i dtailte móna, agus ar thionchar na húsáide sin, mar chuid den Tionscadal Comhtháite 'Dúlra an Atlantaigh Fhiáin' atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE.	20	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	Tá tús curtha leis an Tionscadal Comhtháite 'Dúlra an Atlantaigh Fhiáin' atá maoinithe mar chuid de chlár LIFE an AE.
K	Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna a mheas an bhféadfaí an Léarscáil Clúdaigh Talún Náisiúnta atá á forbairt ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil/ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (atá le críochnú faoi R4 na bliana 2022) agus Céimeanna 1 agus 2 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún mar áiseanna do bheartas, taighde agus gníomhartha a bhaineann le tailte móna. Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gceannas ar Chéim 1 den athbhreithniú, agus is éard atá i gceist leis ná bonn fianaise a chur faoi tháscaire úsáide talún oiriúnach a shocrú d'Éirinn, chomh maith le tréithe timpeallachta, éiceolaíochta agus geilleagracha cineálacha talún ar fud na hÉireann a shainiú. Ina theannta sin, tá sé beartaithe tuarascáil sintéise a chríochnú in R4 na bliana 2022. Tosóidh Céim 2 den athbhreithniú ar úsáid talún i ndiaidh an chéad chéim a chríochnú, rud a dhéanfaidh forbairt ar an dlús a cruthaíodh nuair a rinneadh an t-athbhreithniú ar fhianaise. Sa chéim seo, déanfar na beartais, bearta, agus gníomhartha i leith úsáid talún i gcoitinne a mheas i gcomhthéacs chuspóirí geilleagracha, sóisialta agus aeráide an Rialtais i gcoitinne. Mar chuid den obair seo, déanfar an bonn fianaise ón gcéad chéim a nascadh leis na creata beartais agus le forbairtí beartais a rinneadh ar fud an Rialtais le déanaí.	9,12, 21	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna	R4 2022 (Céim 1 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún)  R4 2022 (Críochnú na Léarscáile Clúdaigh Talún)
L	Críochnóidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, i gcomhairle le baill den Fhóram Náisiúnta um Measúnacht Chuí, na plananna atá ag dul ar aghaidh go fóill chun an treoir maidir le Measúnacht Chuí a nuashonrú.	22	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	R2 2023

M	Foilseoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirlínte pleanála athbhreithnithe um fhorbairt fuinnimh gaoithe ina mbeidh Iarscríbhinn a bhainfidh le tailte móna. Déantar é seo tar éis Dréacht-Treoirlínte athbhreithnithe maidir leis an bhForbairt Fuinnimh Gaoithe a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2019 (sna dréacht-treoirlínte bhí Iarscríbhinn don Dea-Chleachtas i dtaca leis an bhForbairt Fuinnimh Gaoithe ar Thailte Móna).	24	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R2 2023
N	Tionólfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cruinniú idir gach údarás agus grúpa oibre ábhartha chun achoimre a fháil ar ghníomhaíocht gach eagraíochta chun earnáil an oideachais agus an pobal a chur ar an eolas faoi thailte móna i gcomhréir le Tuarascáil an GCC maidir le Talamh Portaigh. Déanfar tuarascáil nuashonraithe a ullmhú ina ndíreofar ar phortaigh agus oideachas, gníomhaíochtaí grúpaí pobail san áireamh, mar thoradh ar an gcrúinniú seo agus foilseofar é.	27, 29	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R1 2023
O	Déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta staidéar indéantachta ar pháirc náisiúnta tailte móna/páirc bhogaigh a chruthú.	28	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R1 2023

P	<p>Maidir le torthaí ó thionscadail taighde faoi thailte móna atá á ndéanamh ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag eagraíochtaí eile faoi láthair nó a dtabharfaidh siad fúthu amach anseo, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna san áireamh iad, chomh maith le hiad a scaipeadh chuig comhaltaí den Ghrúpa, agus leas a bhaint astu d'fhonn cuidiú le beartas a fhorbairt amach anseo de réir mar is iomchuí. Sa chomhthéacs sin, tá tionscadal taighde dar teideal “Staid eolais ar thaighde portaigh” mar chuid den ghairm ar thaighde a d'fhógair an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Leagtar amach an méid seo a leanas sa ghairm: ‘Tá sé tráthúil anois sintéis a bheith againn den obair thaighde go léir atá déanta go dtí seo chun achoimre a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an léargas is tábhachtaí, chun bearnaí san eolas mar aon le rioscaí, treochoí agus deiseanna, srl. a shainaithint, d’fhonn eolas a chur ar fáil i gcás riachtanais fianaise amach anseo, chomh maith le tacú le tailte móna na hÉireann a bhainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe go fadtéarmach. Tabharfaidh an taighde seo tacaíocht do na cláir athchóirithe agus athshlánúcháin le haghaidh tailte móna, idir chláir atá ar siúl faoi láthair agus chláir atá beartaithe, lena n-áirítear na tascanna atá le cur i gcrích faoin tionscadal ‘Tailte Móna &amp; Pobail’ arna maoiniú faoi chlár LIFE an AE’. Cuirfidh na torthaí ón tionscadal seo bonnlíne fhónta ar fáil chun an chéad Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna eile a ullmhú.</p>	32	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna	Ag dul ar aghaidh le linn 2022 -2025
<b>Gníomhartha a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021, Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí.</b>			<b>Comhlacht Ceannais</b>	<b>Amlíne lena chur i gcrích</b>
Q	<p>I gcomhar le Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna, déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na gníomhartha bainteach le tailte móna i gClár 2020 an Rialtais a chomhordú chun gach leas a bhaint astu don bhithéagsúlacht.</p>	2	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2025

<sup>2</sup> Níor tógadh an gníomh seo díreach ó ghníomh sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna ach tá sé ag teacht le dul chun cinn a rinneadh le déanaí agus rachaidh sé chun tairbhe na bPrionsabal a leagtar amach sa Straitéis. Is ionann é freisin agus Gníomh 402 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar

R	An tionscadal atá maoinithe faoi chlár LIFE an AE, is é sin Tailte Móna agus Pobail a chur i ngníomh (Gníomh 22 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021).	Bord na Móna	Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2027
S	An Scéim Bhreisithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánúchán agus Athchóiriú Tailte Móna (EDRRS) a chur i ngníomh le haghaidh thailte móna Bhord na Móna (agus tar éis é a chríochnú, cuirfidh Bord na Mona lámhleabhar dea-chleachtais i dtoll a chéile faoi athchóiriú a dhéanamh ar thailte móna ar shuíomhanna eastósctha móna tráchtála, lámhleabhar a dhéanfaidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra piarmheasúnú air, bunaithe ar an taithí atá acu féin ar an Scéim a chur i gcrích) (Gníomh 33 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021))	Bord na Móna	Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2026
T	Creat agra-chomhshaoil a fhorbairt ina bhfágfar go mbeifear in ann Scéim Íocaíochta bunaithe ar Thorthaí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach a dearadh go sonrach chun bithéagsúlacht níos fearr a bhaint amach i mbratphortaigh ina mbeidh glansochair i leith cuspóirí aeráide agus uisce (Gníomh 332 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R4 2022
U	Leanúint ar aghaidh le hinfheistiú, monatóireacht agus meastóireacht an Treoirthionscadail “Íocaíochtaí i leith Athruithe Talmhaíochta agus Éiceolaíochta san Fheirmeoireacht” de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil agus sa Treoirthionscadal “Athchóiriú Glas na hÉireann” (Gníomh 386 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R2 2023 agus R3 2023

*son na hAeráide, 2021.*

V	Daoine a dhreasú gan féarthailte a bhainistiú chomh tréan sin trí bhíthin an chéad Phlean Straitéiseach CBT eile, ag feitheamh ar fhormheas, beart agra-chomhshaoil-aeráide (AECM) a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar mhaithe le daoine a dhreasú gan ithreacha orgánacha draenáilte a úsáid chomh tréan sin sa talmhaíocht (Gníomh 386 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R4 2027 (Sprioc 40,000 heicteár d'fhéarthailte nach ndéantar bainistiú chomh tréan sin orthu)
I	Tionscadal RePEAT a chríochnú, “Athshuirbhéireacht Nua-aimseartha ar Thailte Móna Mapáilte na hÉireann chun an Measúnú ar Athruithe ó thaobh Úsáide Talún de a Bheachtú agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le Gás Ceaptha Teasa a Bhaint agus Fardal a Dhéanamh d'Astaíochtaí” - agus leanúint ar aghaidh le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí (Gníomh 387 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R1 2025
X	Páirt a ghlacadh sa tionscadal dar teideal SEPLA, arna threorú ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an AE, “Mapáil agus Faireachán Bunaithe ar Shatailítí a Dhéanamh ar Thailte Móna agus ar Bhogaigh na hEorpa le haghaidh LULUCF agus don Talmhaíocht’ (Gníomh 387 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R2 2023
Y	Deiseanna a shainnaint maidir le tailte móna breise a bheadh oiriúnach d’athshlánúchán breisithe a dhéanamh orthu, ar mhaithe le tairbhí móra a thabhairt agus chun cur leis an iarracht sprioc na hÉireann a bhaint amach maidir le bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050 (Gníomh 392 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	R4 2023 (Tuarascáil scóipe le críochnú maidir le tailte móna a shainnaint)

Z	Measúnú a dhéanamh ar staid agus ar an acmhainn maolaithe atá ann do bhaint móna a dhéanamh ar bhonn tráchtála agus ar bhonn príobháideach ar fud na hÉireann (Mar chuid den ghníomh seo, cuireadh tionscadal taighde sintéise náisiúnta nua ar staid an eolais agus ar dhea-chleachtas i leith athchóiriú/athshlánú tailte móna san áireamh i ngairm ar thaighde 2022 an GCC agus tá meastóireacht á déanamh uirthi faoi láthair. Cuirfidh an tionscadal sintéise taighde seo ar bhealach substainteach le hidirghabhálacha maolaithe ar shuíomhanna eastósctha móna go náisiúnta.) (Gníomh 401 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	Ag dul ar aghaidh le linn 2022 -2025
A A	Maoiniú a chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh chomhphobail tailte móna (Gníomh 403 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R4 2023
B B	Leas a bhaint as Geofisic Aerbheirthe Tellus chun tuarascáil staidéir scóipe a chur i dtoll a chéile ar dhoimhneacht móna agus stóráil carbóin a mhapáil (Gníomh 404 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	R4 2023
C C	Plean athchóirithe a fhoilsiú le haghaidh 60 heicteár bratphortaigh i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin (Gníomh 406 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R2 2023
D D	Gnéithe atá tairbheach don aeráid a leathnú agus a chatalógú mar chuid de Scéim Plean Feirme na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le crainn, scrobarnach, ithreacha móna/portaigh, draenáil, féarach ar mhórán speiceas, báienseacha ar mhórán speiceas, cúram ithreach agus fairsingiú cleachtas (Gníomh 406 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	R4 2022

E E	Plean athchóirithe a fhoilsiú le haghaidh 40 heicteár bratphortaigh ón bhforaoiseacht bhuaircíneach i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara atá á athchóiriú go gníomhach (Gníomh 406 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	Coillte	R4 2022
F F	Plean athchóirithe a fhoilsiú le haghaidh 116 heicteár bratphortaigh ón bhforaoiseacht bhuaircíneach i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Choimpléasc Phortach Ghleann na Muaidhe atá á athchóiriú go gníomhach (Gníomh 406 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	Coillte	R4 2022
G G	Measúnú a dhéanamh ar na tosca ba chúis le 3 chliseadh mhóra i dtailte móna in 2020, measúnú a úsáidfídh gníomhaireachtaí chun beartas a fhorbairt a bhaineann le planáil agus talamhúsáid (Gníomh 466 san Iarscríbhinn Gníomhaíochtaí a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021)	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	R4 2022



## Foscúbhinn 1 – Gníomhartha sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna a dúnadh agus/nó a bogadh go bonn Monatóireachta

Uimh. Thag. an ghnímh	Cur síos
1	Táthar ag cloí go fóill le dea-chleachtais talmhaíochta agus chomhshaoil (DCTC) agus le riachtanais reachtúla bainistíochta (RRBanna). Cuireann na forálacha faoin Tras-Chomhlíonadh cosaintí ar fáil i gcónaí chun talamh feirme a chosaint. Leanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an ghnímh seo. [Le Dúnadh & Monatóireacht le Déanamh]
2	Déanfar bainistiú na gcoimíneachtaí a dhearadh, faoi scáth scéimeanna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, sa chaoi is go ndéantar deimhin de go gcuirtear córais innilte inbhuanaithe chuí i bhfeidhm ar ithreacha móna sléibhe. [Le Dúnadh]
3	Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna monatóireacht ar conas mar atá ag éirí leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuáil a bhaineann le tailte móna, ardtailte agus limistéir Natura, agus leis an Scéim Agra-Chomhshaoil, arna treorú go háitiúil, do na hocht gcinn de limistéir ina bhfuil an Diúilicín Péarla Fionnuisce. [Monatóireacht le Déanamh]
5	Tar éis do thuarascáil athbhreithnithe ar úsáid súisáin in earnáil na gairneoireachta a fhoilsiú, thug grúpa oibre faoi scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a sainathnódh le linn an athbhreithnithe sin. Bhí cathaoirleach neamhspleách i bhfeighil ar an ngrúpa oibre sin agus bhí páirtithe leasmhara ón earnáil agus ionadaithe ó Ranna Rialtais agus ó Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, agus ó Eagraíochtaí Comhshaoil Neamhrialtasacha, mar bhaill de. Foilsíodh tuarascáil deiridh chathaoirleach an ghrúpa oibre in Eanáir 2022. Cuireadh tuarascáil eatramhach an chathaoirligh isteach mar Iarscríbhinn leis an tuarascáil deiridh. D'eascair páipéar oibre as an tuarascáil deiridh, páipéar a thug aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le móin a sholáthar in Earnáil na Gairneoireachta (agus ina leagtar amach ann comhshraith de ghníomhartha). D'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an páipéar in Eanáir 2022 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. [Le dúnadh agus monatóireacht le déanamh ar chomhshraith de ghníomhartha arna forbairt ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara]
6	Leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Bord na Móna agus Bord Soláthair an Leictreachais ar aghaidh maidir le maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar an iompú ó mhóin a úsáid chun cumhacht a ghiniúint, ar mhaithe le cloí le clár an Rialtais, Aistriú Cóir. [Monatóireacht le Déanamh]

<b>Uimh. Thag. an ghnímh</b>	<b>Cur síos</b>
11	Rinneadh measúnú in 2017 ar an úsáid a bhaintear as laghailte portaigh chun tuilte a mhaolú, á meas i gcomhthéacs na Sionainne, agus measadh ag an am nach raibh sé inmharthana iad a úsáid mar sin. [Le Dúnadh]
13	Cuireadh túir Chomhathraithis Guairneáin isteach ar dhá láithreán talún móna, is iad sin Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Phortach Chlóirthigh (beagnach nádúrtha) agus na Loilí Móire (láithreán tionsclaíoch lagphortaigh tráth a bhfuil oibreacha iar-athshlánúcháin air anois) chun monatóireacht a dhéanamh ar shíorathruithe ama ar an dé-ocsaíd charbóin. Tá na túir faoi réir taighde atá mar chuid de thionscadal idir lámha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, SmartBog. Tá pleananna ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra/an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dhá thúr Comhathraithis Guairneáin a chur isteach mar chuid den chlár náisiúnta chun athchóiriú a dhéanamh ar láithreáin phortaigh ardaithe ainmnithe agus mar chuid den Tionscadal Comhtháite ‘Dúlra an Atlantaigh Fhiáin’ arna maoiniú mar chuid de chlár LIFE an AE. I dteannta a chéile, feidhmeoidh na ceithre thúr sin mar líonra chun monatóireacht a dhéanamh ar aeráid na dtailte móna ar fud na hÉireann. Déanfar monatóireacht leanúnach ar na síorathruithe ama. [Le Dúnadh & Monatóireacht le Déanamh]
18	Táthar tar éis clár cuimsitheach a fhorbairt chun athchóiriú a dhéanamh ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a bhfuil portach ardaithe orthu. Rinneadh an clár a fhorbairt mar chuid den Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhfuil Portach Ardaithe orthu 2017-2022, lena n-áirítear pleananna athchóirithe a dhréachtú le haghaidh Limistéir Oidhreachta Nádúrtha. Cuirfear oibreacha athchóirithe i bhfeidhm ar bhonn leanúnach i gcomhar le húinéirí talún dá ndéanfar difear agus le páirtithe leasmhara eile. [Le Dúnadh & Monatóireacht le Déanamh]
19, 23	In 2022, d’fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Páipéar Oibre chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le móin a sholáthar in Earnáil na Gairneoireachta. Leagtar amach sa pháipéar sraith de ghníomhartha atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar mhaithe leis na dúshláin atá roimh shaothróirí gairneoireachta a bhraitheann ar mhóin mar mheán fáis a mhaolú. Tugann sé cuntas freisin ar conas mar atá an córas comhthoilithe don asbhaint móna ar mhórsála á choinneáil (is éard is córas comhthoilithe ann ná an ceanglas cead pleanála agus Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú a fháil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil). Tá an méid sin amhlaidh ar an mbonn go bhfuil an creat reachtach reatha oiriúnach don fheidhm ó thaobh an dlí de agus comhréireach leis na tionchair chomhshaoil a bhaineann leis an baint móna ar scála tionsclaíoch. [Curtha i gcrích chomh fada agus a bhaineann sé leis an gcreat reachtach maidir le baint móna ar scála mór a rialáil]

<b>Uimh. Thag. an ghnímh</b>	<b>Cur síos</b>
25	Déanfar Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí chun an prionsabal seo a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí. [Le Dúnadh]
26	Cuireadh an prionsabal seo san áireamh le linn an Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn, 2018-2021, agus an Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht, 2016-2021, a fhorbairt. Cuirfear i bhfeidhm é de réir mar is iomchuí as seo amach. [Le Dúnadh]
30	Déanfar tailte móna a mheas mar chonláiste mar chuid den athchóiriú agus pleananna eile á gcur i bhfeidhm faoi láthair agus a chuirfear i bhfeidhm amach anseo, ach níl gníomh faoi leith ag teastáil ina leith faoi láthair. [Le Dúnadh]
31	Glacadh é seo isteach sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta a bhfuil Portach Ardaithe orthu 2017-2022. [Le Dúnadh]

**Foscúibhinn 2 – Gníomhartha a bhaineann le tailte móna i gClár 2020 an Rialtais chun gach leas a bhaint as na tairbhí don bhithéagsúlacht**

<b>Gníomh i gClár an Rialtais</b>	<b>An Comhlacht Ceannais</b>	<b>Dul chun cinn déanta ar an ngníomh a chur i gcrích</b>	<b>Amlíne chun an gníomh a chur i gcrích</b>
Measúnú a dhéanamh roimh dheireadh 2020 ar chóir bogairgh a chur san áireamh i bhfardal talamhúsáide na hÉireann a dtugtar fógra ina leith de réir rialacháin an AE.	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	Tá cinneadh déanta ag Éirinn an tionchar ó bhogach bainistithe ar astaíochtaí agus ar bhaint gás ceaptha teasa a chur san áireamh ó thús 2021.	Críochnaithe
Athfhliuchadh ithreacha ar mhórán carbóin a dhreasú	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara		Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2025
Athbhreithniú a dhéanamh ar thalamhúsáid náisiúnta, talamh feirme, foraoisí agus tailte móna san áireamh, sa dóigh is go gcuirfidh na roghanna is fearr ó thaobh talamhúsáide de eolas ar fáil do gach cinneadh ábhartha a bheidh le glacadh ag an rialtas. Déanfar cothromaíocht a aimsiú idir saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha. Beidh próiseas ann chun measúnú a dhéanamh ar shaintréithe éiceolaíoch na talún. Mar chuid de sin, déanfar	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.	Tá Athbhreithniú ar Fhianaise maidir le Talamhúsáid á dhéanamh agus tá dhá chéim ar leith ag baint leis:  Tá Céim 1 den athbhreithniú ar siúl faoi láthair. Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gceannas ar an gcéim seo. An aidhm atá ann  i gCéim 1 ná bonn fianaise a chur ar fáil chun sraith táscairí don talamhúsáid chuí in Éirinn	Tá Céim 1 den Athbhreithniú ar Thalamhúsáid le críochnú i R4 2022.

<p>breithniú ar astaíochtaí chuig aer agus uisce, ar an gceapadh carbóin agus ar dhúshláin a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide. Déanfar breithniú ar chomhthairbhí beartais, amhail an t-athfhliuchadh nó an t-athfhás foraoisí chun rioscaí tuilte in abhantracha a mhaolú. Rachfar i gcomhairle le gach páirtí leasmhar. Mar chuid d'athbhreithniú mar sin, bheifí in ann eolas a chur ar fáil do lucht déanta beartais, seirbhísí comhairleacha agus úinéirí talún, chun cuidiú le feirmeoirí le rogha eolasach a dhéanamh faoin dóigh ab fhearr feidhm a bhaint as an talamh atá acu agus, san am céanna, leas a bhaint as an tacaíocht agus as na dreasachtaí atá ar fáil.</p>		<p>a chinneadh agus chun saintréithe timpeallachta, éiceolaíochta agus geilleagracha cineálacha talún ar fud na hÉireann a chinneadh.</p> <p>I gCéim 2, tógfar ar an mbonn fianaise ó Chéim 1, agus déanfar beartais, bearta agus gníomhartha oiriúnacha a shainaitheint i gcomhthéacs na gcuspóirí i gcoitinne atá ag an Rialtas, is iad sin cuspóirí geilleagracha, sóisialta agus aeráide.</p>	
<p>Cinnte a dhéanamh de go bhfuil ceanglas ar Bhord na Móna cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta agus uisce a chur san áireamh agus é ag obair le sainordú na</p>	<p>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide</p>	<p>Agus gabháltas á meas le haghaidh malairt úsáide, déanann Bord na Móna na cuspóirí seo go léir a mheas ó thaobh straitéise de. Tá neart comhthoilithe, cead pleanála san áireamh, de dhíth maidir leis an gcuid is mó de na forbairtí tráchtála. Féachfar ar mheasúnú uisce, aeráide agus bithéagsúlachta mar</p>	<p>Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2025</p>

heagraíochta a bhaint amach. Leis sin a chinntiú, déanfar leasú ar an Acht Forbartha Móna, 1998.		chuid de phróiseas iarratais ar chead pleanála de chuid Bhord na Móna i gcás aon togra a dhéantar i dtaobh úsáid tráchtála amach anseo.	
Tacú leis an aistriú cóir do na hoibrithe agus na réigiúin dá ndéanfar difear agus deireadh á chur leis an nginiúint cumhachta ó mhóin agus ó ghual de réir a chéile.	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide		Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2025
Tacú leis an gCoimisinéir um an Aistriú Cóir chun freagairt chuimsitheach uilíoch a dhearadh (ar an aistriú ó úsáid na móna i Lár na Tíre).	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide		
Plean forfheidhmithe mionsonraithe uile-rialtais a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm a bheidh ag teacht leis na moltaí atá sa chéad tuarascáil ón gCoimisinéir um an Aistriú Cóir.	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	D'fhoilsigh an Rialtas Plean Forfheidhmithe um an Aistriú Cóir don Réigiún Lár Tíre mar fhreagra ar mholtaí ón gCoimisinéir um an Aistriú Cóir, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2021. Leanfar ar aghaidh leis an bPlean mar chuid d'uasdátú atá beartaithe don Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.	Ar bhonn leanúnach le linn 2022-2025

[gov.ie/tithiocht](http://gov.ie/tithiocht)

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta



An Roinn Tithíochta,  
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta  
Department of Housing,  
Local Government and Heritage